Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 6 Meitheamh 2024
(OR. en)

10431/24
PV CONS 28
AGRI 445
PECHE 205

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

(**Talmhaíocht** agus Iascach)

27 Bealtaine 2024

1. **Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 10045/24.

2. **Formheas na míreanna 'A'**

Liosta reachtach (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach) 10279/24

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh. Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis na míreanna sin san Iarscríbhinn.

**Sláinte**

1. **Rialachán maidir le caighdeáin cháilíochta agus sábháilteachta le haghaidh substaintí de bhunús daonna a bheartaítear lena n-úsáid sa duine** ❶C 9779/24 PE-CONS 8/24 SAN
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper (Cuid 1) an 22.5.2024

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 168(4), pointe (a) CFAE).

**An Margadh Inmheánach agus an Tionsclaíocht**

2. **Rialachán maidir le creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta na hEorpa a neartú (an Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta)** ❶C 9275/**1**/24 **REV 1** + ADD 1 PE-CONS 45/24 COMPET
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper (Cuid 1) an 22.5.2024

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus an Bheilg ag staonadh ón vótáil (bunús dlí: Airteagal 114 CFAE).

Leagtar amach ráiteas a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

3. **Rialachán lena mbunaítear creat chun ceanglais éicidhearthóireachta a leagan síos le haghaidh táirgí inbhuanaithe agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/125/CE**
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper (Cuid 1) an 22.5.2024

❶C

9266/24
**+ COR 1 (fr)**
+ ADD 1
PE-CONS 106/23
COMPET

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus an Iodáil ag staonadh ón vótáil (bunús dlí: Airteagal 114 CFAE).

Leagtar amach ráiteas a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

**Fuinneamh**

4. **Rialachán maidir le laghdú ar astaíochtaí meatáin in earnáil an fhuinnimh**
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper (Cuid 1) an 22.5.2024

❶C

9832/24
PE-CONS 86/23
ENER

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, vótáil an Ungáir ina choinne (bunús dlí: Airteagal 192(1) CFAE).

**Ceartas agus Gnóthaí Baile**

5. **Treoir lena leasaítear Treoir 2011/36/AE maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus na híospartaigh atá thíos léi a chosaint**
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper (Cuid 2) an 22.5.2024

❶C

10047/24
PE-CONS 14/24
DROIPEN

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagail 82(2) agus 83(1) CFAE). I gcomhréir leis na Prótacail ábhartha atá i gceangal leis na Conarthaí, níor ghlac an Danmhairg páirt sa vótáil.

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

3. An ghéarchéim in earnáil na talmhaíochta: — 9877/24
   - obair leantach ar na freagairtí a cuireadh ar fáil cheana agus na bearta nua atá beartaithe
   - bainistiú géarchéime – machnamh ar bhearta sa todhchaí atá le breithniú

   *Faisnéis ón Uachtaránacht agus ón gCoimisiún*
   *Malartú tuairimí*

4. Staid an mhargaidh go háirithe tar éis an ionraidh ar an Úcráin — 10245/24
   *Faisnéis ón gCoimisiún agus ó na Ballstáit*
   *Malartú tuairimí*

**Aon ghnó eile**

**5.** (a) Pobail feoiliteoirí móra ag dul i méid san Eoraip: dúshláin don talmhaíocht agus do cheantair thuaithe — 10248/24
*Faisnéis ó thoscaireacht na hOstaire*

(b) Staid dheacair táirgeoirí torthaí mar gheall ar an laghdú a mheastar a thiocfaidh ar tháirgeacht de dheasca dálaí aeráide díobhálacha — 10186/24
*Faisnéis ó thoscaireacht na Polainne*

**(c) Staid an triomaigh thromchúisigh sa Chipir** [2] — 10256/24
*Faisnéis ó thoscaireacht na Cipire*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireacht na Cipire ar fáil. Thug sí dá haire freisin an freagra ón gCoimisiún chomh maith le barúlacha na dtoscaireachtaí.

**(d) Lipéadú de réir tír thionscnaimh le haghaidh earraí bia** 10321/24

*Faisnéis ó thoscaireachtaí na Gearmáine agus na hOstaire, le tacaíocht ó thoscaireachtaí na hEastóine, na Fionlainne, na Fraince agus na Portaingéile*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireachtaí na Gearmáine agus na hOstaire ar fáil, le tacaíocht ó thoscaireachtaí na hEastóine, na Fionlainne, na Fraince agus na Portaingéile, maidir leis an ngá atá le lipéadú tionscnaimh éigeantach a leathnú chuig earraí bia eile. Thug an Chomhairle dá haire freisin na tuairimí ó roinnt toscaireachtaí agus ón gCoimisiún.

**(e) Simpliú agus rialáil atá fabhrach don nuálaíocht san earnáil agraibhia** 10218/24

*Faisnéis ó thoscaireacht na Danmhairge, le tacaíocht ó thoscaireachtaí na hEastóine, na hÉireann, na Fionlainne, na Liotuáine, na Portaingéile, na Seice agus na Spáinne*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireacht na Danmhairge ar fáil, le tacaíocht ó thoscaireachtaí na Seice, na hEastóine, na hÉireann, na Fionlainne, na Liotuáine, na Portaingéile agus na Spáinne, maidir le simpliú agus rialáil atá fabhrach don nuálaíocht san earnáil agraibhia. Thug an Chomhairle dá haire freisin na tuairimí ó roinnt toscaireachtaí agus ón gCoimisiún.

**(f) Leas ainmhithe a chur i gcroílár an chéad chláir oibre eile a bheidh ag an gCoimisiún Eorpach** 10208/24

*Faisnéis ó thoscaireacht na Slóivéine, thar ceann thoscaireachtaí na Bulgáire, na Fraince, na Portaingéile, na Slóivéine agus na Sualainne*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireacht na Slóivéine ar fáil, thar ceann thoscaireachtaí na Bulgáire, na Fraince, na Portaingéile, na Slóivéine agus na Sualainne, maidir le leas ainmhithe. Thug an Chomhairle dá haire freisin na barúlacha a thug roinnt toscaireachtaí agus an Coimisiún.

**(g) Décháilíocht earraí bia: fadhb leanúnach** [F2] 10287/24

*Faisnéis ó thoscaireacht na Slóvaice*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireacht na Slóvaice ar fáil maidir le décháilíocht earraí bia. Thug an Chomhairle dá haire freisin na barúlacha a thug roinnt toscaireachtaí eile agus an Coimisiún.

**(h) An gá atá le hathbhreithniú a dhéanamh ar Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 783/2018, (AE) 784/2018 agus (AE) 785/2018 agus úsáid substaintí neoinicitíonóideacha mar chóireáil síolta a thabhairt isteach, mar eisceacht, go dtí go n-aimseofar substaintí malartacha** [F2] 10314/24

*Faisnéis ó thoscaireacht na Rómáine*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireacht na Rómáine ar fáil maidir leis an iarraidh uaithi athbhreithniú a dhéanamh ar Rialacháin (AE) 783/2018, 784/2018 agus 785/2018 ón gCoimisiún chun go bhféadfar táirgí cosanta plandaí ina bhfuil 3 cinn de neoinicitíonóidigh (imíodaclóiprid, clóitiainídin agus tiaimeatocsam, faoi seach), a chur ar an margadh go sealadach. Thug an Chomhairle dá haire freisin na barúlacha a thug roinnt toscaireachtaí eile maidir leis an ábhar sin, chomh maith leis an idirghabháil ón gCoimisiún.

---

[F2] Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna reachtacha 'A' a leagtar amach in 10279/24**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 2 ar liosta na míreanna 'A':** | **Rialachán maidir le creat beart a bhunú chun éiceachóras monaraíochta teicneolaíochta glan-nialasachta na hEorpa a neartú (an Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta)**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |

**RÁITEAS ÓN OSTAIR**

'Measann an Ostair gur cloch mhíle bharrthábhachtach é an Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta chun dlús a chur leis an aistriú glas, an t-iomaíochas a neartú agus sprioc choiteann aeráidneodrachta na hEorpa a bhaint amach. Tacaíonn an Ostair le cuspóir an rialacháin atá beartaithe, eadhon dlús a chur le forbairt agus leathnú na hacmhainneachta táirgeachta, go háirithe don fhuinneamh in-athnuaite san Aontas, agus aontaíonn sí, dá bhrí sin, leis an togra comhréitigh seo.

Mar sin féin, ní thacóidh an Ostair le claochlú atá bunaithe ar theicneolaíocht núicléach, a chuireann an teicneolaíocht sin chun cinn a thuilleadh agus a dhíríonn uirthi mar theicneolaíocht don todhchaí. Níl an teicneolaíocht núicléach inbhuanaithe, costéifeachtach ná sábháilte. Dar leis an Ostair, is cinnte nach bhfuil teicneolaíochtaí núicléacha ar na teicneolaíochtaí sin a fhónann don chlaochlú glas. Is oth leis an Ostair, dá bhrí sin, gur áiríodh an teicneolaíocht núicléach sa rialachán agus go gcaitear léi mar a chaitear le teicneolaíochtaí eile ann.

A mhéid a bhaineann le Caibidil III maidir le hacmhainneacht insteallta $CO_2$, tugann an Ostair dá haire go bhfuil toirmeasc náisiúnta ar stóráil $CO_2$ i bhfeidhm faoi láthair (an tAcht Cónaidhme maidir le Stóráil Gheolaíoch Dé-Ocsaíde Carbóin a Thoirmeasc), agus go bhfuil meastóireacht á déanamh air. Sa chomhthéacs sin, táimid i bhfabhar leathnú réigiúnach tapa a dhéanamh ar an oibleagáid insteallta $CO_2$ go dtí an LEE. Ba mhaith linn béim a leagan freisin ar a riachtanaí atá sé go mbeadh forbairt na hacmhainneachta stórála fite fuaite le leathnú an bhonneagair $CO_2$, atá easnamhach faoi láthair.'

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 3 ar liosta na míreanna 'A':** | **Rialachán lena mbunaítear creat chun ceanglais éicidhearthóireachta a leagan síos le haghaidh táirgí inbhuanaithe agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/125/CE**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |

**RÁITEAS ÓN OSTAIR**

‘Cé go bhfeictear don Ostair i gcónaí go bhfuil gá le breis soiléireachta i réimsí áirithe den rialachán atá beartaithe, de mheon an chomhréitigh, tacóidh sí leis an téacs reatha. Mar sin féin, ní mór béim a leagan athuair ar na pointí seo a leanas:

Tá forchoimeádais shuntasacha ag an Ostair maidir le hAirteagal 65 (soláthar poiblí glas). I bhfianaise chásdlí seanbhunaithe CBAE, ina sonraítear gur faoin údarás conarthach comhfhreagrach atá sé na critéir dhámhachtana a roghnú le haghaidh gach nós imeachta soláthair agus iad a ualú (féach, mar shampla, Cás C-19/00, *SIAC*, mír 36; Cás C-448/01, *EVN* agus *Wienstrom*, mír 37), measann an Ostair nach bhféachfaidh an Coimisiún ar bhunú critéar ceangailteach dámhachtana lena mbaineann ualuithe agus spriocanna ceangailteacha ar an leibhéal náisiúnta ach mar rogha dheireanach tráth a bheidh gníomhartha cur chun feidhme á nglacadh faoi Airteagal 65.

Ina theannta sin, tá an Ostair den tuairim gur cheart an sainmhíniú maidir le critéir ghlasa sa soláthar poiblí a chomhtháthú i gcur chuige comhleanúnach cothrománach a ionchorpraítear sna treoracha soláthair.

Tá an Ostair i bhfabhar a áirithiú freisin go ndéanfar na ceanglais le haghaidh pasanna táirgí digiteacha a dhearadh ar shlí a gcuirfidh teorainn réasúnta le hualach na ngnólachtaí agus go ndéanfar meastóireacht thráthúil ar thionchar an phas táirge dhigitigh ó thaobh an ualaigh riaracháin breise agus na gcostas gaolmhar a bhaineann leis, go háirithe do FBManna.’